Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Feabhra 2024
(OR. en)

6795/24

LIMITE

COMPET 199
IND 98
POLCOM 66
RELEX 220
AELE 12

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Meabhrán tuisceana idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhpháirtíocht i ndáil le slabhraí luacha inbhuanaithe le haghaidh amhábhair thalamhbhunaithe agus ceallraí<br>*- Údarú chun ionstraim neamhcheangailteach a shíniú* |

1. An 7 Iúil 2022, chuir an Coimisiún in iúl don Mheitheal um Iomaíochas agus Fás (Tionsclaíocht) go bhfuil sé ar intinn aige dul i mbun cainteanna chun meabhrán tuisceana a tharraingt suas thar ceann an Aontais chun comhpháirtíocht maidir le slabhraí luacha le haghaidh amhábhair inbhuanaithe agus le haghaidh ceallraí a bhunú leis an Iorua[1].

2. Tá sé beartaithe leis an gcomhpháirtíocht, mar ionstraim neamhcheangailteach, creat cuimsitheach a leagan síos le haghaidh comhar fadtéarmach a bheidh dírithe ar an todhchaí idir an tAontas agus an Iorua sna réimsí féideartha comhair seo a leanas:

   – comhtháthú eacnamaíoch agus tionsclaíoch níos dlúithe idir an Iorua agus an tAontas i slabhraí luacha straitéiseacha amhábhar agus ceallraí príomhúla agus tánaisteacha, go háirithe trí acmhainní a mhapáil, tionscadail a shainaithint sna slabhraí luacha faoi seach, deiseanna gnó agus naisc a éascú agus infheistíocht phríobháideach a mhealladh, chomh maith le dea-fheidhmiú agus athléimneacht na slabhraí soláthair criticiúla sin a áirithiú;

[1] WK 9851/2022.

- comhar déthaobhach níos dlúithe i réimse an taighde agus na nuálaíochta;
- treoirlínte agus dea-chleachtais a chur i bhfeidhm maidir le hardchaighdeáin chomhshaoil, shóisialta agus rialachais, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le cearta an duine agus cearta na ndaoine dúchasacha, i slabhraí luacha na n-amhábhar;
- ionstraimí dí-rioscaithe airgeadais agus infheistíochta a shainaithint agus a chur in úsáid; agus
- forbairt na scileanna riachtanacha le haghaidh poist ardcháilíochta sna hearnálacha sin a bhaineann leis an teicneolaíochta ghlan.

3. An 12 Feabhra 2024, fuair an Mheitheal um Iomaíochas agus Fás (Tionsclaíocht) nóta faisnéise ón gCoimisiún maidir leis an meabhrán tuisceana atá le síniú, thar ceann an Aontais, le Ríocht na hIorua, lena mbunaítear comhpháirtíocht straitéiseach i ndáil le slabhraí luacha inbhuanaithe le haghaidh amhábhair thalamhbhunaithe agus ceallraí, agus dréacht-téacs an mheabhráin tuisceana i gceangaltán[2].

4. Is ionstraim neamhcheangailteach a bheadh sa mheabhrán tuisceana idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhpháirtíocht straitéiseach i ndáil le slabhraí luacha inbhuanaithe le haghaidh amhábhair thalamhbhunaithe agus ceallraí, mar a leagtar amach in 6911/24 é. Leagtar amach sa mheabhrán tuisceana a bhfuil ar intinn ag an dá chomhpháirtí. Níl sé ceangailteach ar na comhpháirtithe ó thaobh dlí.

5. Scrúdaigh an Mheitheal um Iomaíochas agus Fás (Tionsclaíocht) an dréachtmheabhrán tuisceana idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhpháirtíocht straitéiseach i ndáil le slabhraí luacha inbhuanaithe le haghaidh amhábhair thalamhbhunaithe agus ceallraí ag an gcruinniú a bhí aici an 19 Feabhra 2024. Ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí i gcoitinne an meabhrán tuisceana agus chuir siad in iúl go dtacaíonn siad ar an iomlán leis an moladh ón gCoimisiún é a shíniú thar ceann an Aontais.

[2] 2356/2024 + ADD 1.



PUBLIC

6. Tar éis don Mheitheal an meabhrán a scrúdú, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an mheabhráin tuisceana ón gComhairle mar a leagtar amach in 6911/24 é;
- a mholadh go n-údaróidh an Chomhairle don Choimisiún an meabhrán tuisceana, mar a leagtar amach in 6911/24 é, a shíniú, thar ceann an Aontais, mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ag an gComhairle amach anseo.

PUBLIC